Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14757/18**

**TRANS 576**
**FIN 924**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14233/18 TRANS 539 FIN 890 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal A European high-speed rail network: not a reality but an ineffective patchwork [Líonra iarnróid ardluais Eorpach: is é an fhírinne nach bhfuil ann ach líonra bearnach neamhéifeachtach]<br>– Conclúidí ón gComhairle (26 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 19/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *A European high-speed rail network: not a reality but an ineffective patchwork* [Líonra iarnróid ardluais Eorpach: is é an fhírinne nach bhfuil ann ach líonra bearnach neamhéifeachtach] a ghlac an Chomhairle ag an 3653ú cruinniú a bhí aici ar an 26 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le**
**Tuarascáil Speisialta 19/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE:**

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta 19/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le líonra iarnróid ardluais agus cur chuige oscailte na Cúirte, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le pleanáil fhadtéarmach agus éifeachtúlacht costais an ghréasáin.

2. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá seirbhísí iarnróid ardluais i dtaca le soghluaisteacht na saoránach, gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus cosaint an chomhshaoil.

3. MEABHRAÍONN SÍ Rialachán TEN-T a glacadh in 2013, lena ndéantar foráil do phleanáil straitéiseach chomhordaithe do ghréasán iarnróid lena gcumhdófar críoch iomlán an Aontais Eorpaigh agus lena sonraítear na codanna sin den ghréasán iarnróid atá le forbairt de réir na gcaighdeán ardluais. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról a bhí ag na Comhordaitheoirí Eorpacha i gceapadh Chonairí an Chroíghréasáin a éascú agus go háirithe maidir le cur chun feidhme tionscadal trasteorann. CUIREANN SÍ I bhFÁTH, áfach, go bhfuil cur i gcrích an chroíghréasáin chuimsithigh ag brath, i measc nithe eile, ar fhoinsí airgeadais iomchuí a bheith ar fáil.

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur próiseas casta, costasach agus fadálach é gréasáin iarnróid, agus go háirithe gréasáin ardluais, a phleanáil agus a fhorbairt, agus nach mór cur chuige iomlánaíoch a úsáid lena chur i gcrích agus na tosaíochtaí beartais faoi seach agus réasúnaíocht eacnamaíoch á gcur san áireamh. Mar sin féin, MEASANN SÍ gur glao í an Tuarascáil Speisialta go mbeadh fócas athnuaite comhordaithe ann i leith seirbhísí iarnróid ardluais.

5. CUIREANN SÍ IN IÚL AN ATHUAIR, maidir leis an obair ar an gceathrú pacáiste iarnróid, lena bhforáiltear do dheireadh a chur le bacainní ar idir-inoibritheacht, sábháilteacht a mhéadú agus margaí na bpaisinéirí iarnróid a léirscaoileadh, gur cuireadh i gcrích í i mí na Nollag 2016 agus go bhfuil a cur chun feidhme go fóill ag dul ar aghaidh. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil múnlú á dhéanamh cheana féin le roinnt forálacha sa phacáiste sin ar mhargadh na seirbhísí iarnróid ardluais.

6. SAINAITHNÍONN SÍ gur fachtóir tábhachtach iad na feabhsuithe ar ghnéithe oibríochtúla agus ar sheirbhísí ag na codanna sin den bhonneagar a thrasnaíonn an teorainn chun go mbeidh gréasán iarnróid comhleanúnach éifeachtúil Eorpach ann agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá an comhar idir na Ballstáit ionas go gcuirfí i gcrích nó go ndéanfaí uasghrádú ar na codanna sin den ghréasán.

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an acmhainneacht atá ag seirbhísí idirnáisiúnta iarnróid ardluais i dtaca leis an aistriú módach ó iompar paisinéirí meánachair agus fadachair chuig iarnróid agus MEASANN SÍ gur fónta an rud é go ndéanfadh an Coimisiún a mhachnamh ar bhearta chun an aistriú módach sin a chur chun cinn a thuilleadh i gcás ina bhfuil sé inmhianaithe ó thaobh an gheilleagair nó an chomhshaoil de.

8. AITHNÍONN SÍ gur tráthúil an tuarascáil sin i bhfianaise ullmhúchán na Saoráide um Chónascadh don tréimhse 2021-2027 agus an athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar na treoirlínte maidir le gréasáin thras-Eorpacha iompair. AITHNÍONN SÍ go bhfuil bunús luachmhar faisnéise le fáil sna tionscadail a rinneadh agus sa taithí a fuarthas roimhe seo a chuideoidh le forbairt níos fearr a dhéanamh ar línte agus seirbhísí nua ardluais.

9. MEABHRAÍONN SÍ gur réimse inniúlachta comhroinnte iad beartais iompair, de réir na gConarthaí, agus go háirithe go gcaithfear aon chomhordú nó aon phleanáil maidir le gréasáin thras-Eorpacha iompair a dhéanamh i measc na mBallstát, i gcomhar leis an gCoimisiún. Aon tionscnaimh a dhéanfaidh an Coimisiún chun an comhordú sin a éascú, ní mór iad a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

10. AITHNÍONN SÍ go gcruthaítear deis leis na moltaí sa Tuarascáil Speisialta, machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar féidir gréasán iarnróid ardluais san Eoraip a áirithiú a bheidh éifeachtach, costéifeachtúil, iomaíoch, soláimhsithe agus comhleanúnach.